**RABHADH**

**Ní mór duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe; mura ndéantar sin caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo** ⟶

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO

*Roinn a hAon:* Ní mór **sé** cheist a fhreagairt.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo.

*Roinn a Dó:* Ní mór **trí** cheist a fhreagairt.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do fhreagraí sa fhreagarleabhar.

*Iomlán na Marcanna: 300 marc*.

*Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.*
*Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.*

**[THALL]**

## ROINN a hAON (120 marc)

**Treoracha**

Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

Freagair **sé** cheist. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Coinnigh do chuid freagraí gearr.

### Ceist 1.

(a) Measctar sampla ithreach le huisce i sorcóir grádaithe agus ligtear dó socrú mar a thaispeántar sa léaráid.

(i) Cén comhábhar ithreach a fhaightear ag A?

________________________________________

(ii) Cén príomhchineál cáithnín ithreach a fhaightear in B?

________________________________________


(iii) 1. An mbeadh draenáil mhaith nó olc sa chineál seo ithreach?

________________________________________

2. Mínigh do fhreagra.

________________________________________

________________________________________




(b) Luaigh **dhá** chúis le draenáil olc ithreach.

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

## Ceist 2.

Comhlánaigh an tábla thíos maidir le fad na tréimhse iompair, mais an tsleachta ag an mbreith, agus mais maraithe, i dtaca leis an muc agus leis an gcaora.

| | Muc | Caora |
|---|---|---|
| Fad na tréimhse iompair | | |
| Mais an tsleachta ag am breithe (kg) | | |
| Mais maraithe (kg) | | |

## Ceist 3.

Bíonn baint ag na trí hainmhithe atá ar taispeáint le saolré an phucháin ae.







(a) As na hainmhithe atá ar taispeáint, ainmnigh an t-óstach príomhúil.

(b) As na hainmhithe atá ar taispeáint, ainmnigh an t-óstach tánaisteach (idirmheánach).

(c) Luaigh **trí** chleachtas a dhéantar ar fheirmeacha chun forleithne an phucháin ae a laghdú.

(i)

(ii)


(iii)

(d) Is ionpharaisít (inseadán) atá sa phuchán ae. Mínigh an téarma *ionpharaisít*.

(e) Tabhair sampla d'ionpharaisít **amháin** eile.

## Ceist 4.

Taispeántar goile ainmhí athchogantaigh feirme sa léaráid.




(a) Ainmnigh gach cuid den ghoile a bhfuil lipéid uirthi.

A. ________________________

B. ________________________

C. ________________________

D. ________________________

(b) Luaigh ról chuid A agus feidhm chuid D.

Ról A: ________________________________________________________________

Ról D: ________________________________________________________________

(c) Ainmnigh **dhá** ainmhí feirme a bhfuil goile athchogantach acu.

(i) ________________________________

(ii) ________________________________

(d) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le goile athchogantach a bheith ag ainmhí.

________________________________________________________________________


## Ceist 5.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart **i ngach cás** chun a léiriú cé acu fíor (**F**) nó bréagach (**B**) atá na ráitis seo a leanas, mar a léirítear sa sampla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Sampla:*** | **Is feoiliteoir atá sa bhó.** | **F** | **(B)** |
| (a) | Stóráiltear bia i gcotailéadóin síolta. | F | B |
| (b) | Baineann féara leis an bhfine plandaí *Compositae.* | F | B |
| (c) | Is paraisítí (seadáin) iad na péisteanna talún. | F | B |
| (d) | Úsáidtear tuaslagán reasasúirine chun cáilíocht sláinteachais bainne a thástáil. | F | B |
| (e) | Iompraíonn an vena cava an fhuil ón gcroí amach. | F | B |
| (f) | Is bruthcharraig é an t-eibhear. | F | B |
| (g) | Scaipeann aifidí (cuileanna glasa) galair víreasacha. | F | B |
| (h) | Is caillteanas gaile ó stómaí duillí atá sa riospráid. | F | B |
| (i) | Is galar infhógartha atá sa chrúibíneach. | F | B |
| (j) | Is pór déiríochta atá san eallach Hereford. | F | B |

## Ceist 6.

Taispeántar bláth féir sa léaráid.




(a) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.

A. ___________________________________

B. ___________________________________

Cén ról atá le cuid C?

_______________________________________________________________________________

(b) Is í an ghaoth a phailníonn féar.
Luaigh **dhá** ghné de bhláth féir a dhéanann oiriúnach é don ghaothphailniú.

(i) ________________________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________________________

## Ceist 7.

Tabhair cúis eolaíochta **amháin** le **gach** ceann ar leith de na cleachtais seo a leanas a chuirtear i bhfeidhm ar fheirmeacha na hÉireann.

(a) pH na hithreach a dheimhniú sula gcuirtear barr.

___

___

(b) Seamair bhán a chur le meascán síolta i gcomhair báinseach féaraigh.

___

___

(c) Bearradh féarach sa samhradh.

___

___

(d) Líreacáin mhianracha á n-úsáid ar fheirm dhéiríochta.

___

___

(e) Ainmhithe breoite á leithlisiú ar fheirm.

___

___

## ROINN a DÓ (180 MARC)

---

**Treoracha**

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**

Freagair **trí** cheist ar bith. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

---

### Ceist 8.

(a) Dhá fhoinse cothaitheach i gcomhair barr is ea sciodar agus aoileach.

(i) Luaigh **dhá** dhifear idir comhdhéanamh sciodair agus aoiligh.

(ii) D'fhéadfadh go mbeadh sciodar ina chúis le truailliú uisce. Luaigh **dhá** bheart is féidir le feirmeoirí a dhéanamh chun truailliú uisce ó sciodar a laghdú.

(b) Is leasachán cumaisc a úsáidtear ar fheirmeacha é 18-6-12.

(i) Luaigh na príomhdhúile a chuireann 18-6-12 ar fáil.

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** le húsáid leasachán saorga.

(iii) I gcás dúile **amháin** ainmnithe atá in 18-6-12, luaigh a ról i bplandaí.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun an céatadán (%) uisce i sampla ithreach a dheimhniú.

### Ceist 9.

(a) (i) Ainmnigh **dhá** chineál práta príomhbhairr.

(ii) Déan cur síos ar fhás prátaí faoi na ceannteidil seo a leanas:


1. Ullmhú na hithreach
2. Úsáid leasacháin
3. Srianadh fiailí
4. Srianadh dhúchan na bprátaí.

(b) Luaigh **trí** chúis a n-úsáidfeadh feirmeoirí prátaí síl deimhnithe.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun meastachán a dhéanamh ar bharr prátaí roimh bhaint.

**Ceist 10.**

(a) Sa léaráid taispeántar cill ag deighilt trí mhiotóis.




(i) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.

(ii) Ainmnigh céim na miotóise atá á taispeáint.

(iii) Ainmnigh céim na miotóise a tharlaíonn díreach roimh an gcéim atá ar taispeáint sa léaráid.

(b) Bíonn baint ag an miotóis le táirgeadh clón.

(i) Céard is clón ann?

(ii) Ainmnigh barr **amháin** is féidir a tháirgeadh trí chlónáil.

(c) Tá an ailléil le haghaidh síolta piseanna cruinne (C) ceannasach ar an ailléil le haghaidh síolta piseanna rocacha (c).
**Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar** chun crosáil a thaispeáint idir planda íonphóraithe a mbíonn síolta cruinne air agus planda a mbíonn síolta rocacha air.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí | (   ) | × | (   ) |
| Gaiméití a táirgeadh | ( ) | × | ( ) |
| Géinitíopa an tsleachta | | (   ) | |
| Feinitíopa an tsleachta | ______________________________ | | |

(d) Ligeadh do na plandaí a táirgeadh sa chrosáil thuas féinphailniú a dhéanamh.
**Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar** chun an chrosáil fhéinphailnithe a thaispeáint.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Géinitíopa na dtuismitheoirí | (   ) | × | (   ) |
| Gaiméití féideartha | ( ) ( ) | × | ( ) ( ) |
| Géinitíopaí an tsleachta | (   ) | (   ) | (   ) |
| Feinitíopaí an tsleachta | ____________________ | ______________________ | |

## Ceist 11.

(a) Is féidir le feirmeoirí eorna earraigh nó eorna gheimhridh a chur.

**Cóipeáil agus comhlánaigh an tábla seo a leanas i do fhreagarleabhar.**

| | Eorna earraigh | Eorna gheimhridh |
|---|---|---|
| Mí a curtha | | |
| Mí a bainte | | |
| Barr (tonnaí/ heicteár) | | |

(b) Luaigh **dhá** dhifear idir eorna bheathúcháin agus eorna bhraiche a shaothrú agus a bhaint.

(c) Déan cur síos ar **dhá** ghné den eorna a thaispeánann go bhfuil sí réidh le baint.

(d) Déanann larbha Mháirín na smeach agus larbha an ghaláin damáiste do na barra gráin.

(i) Ainmnigh larbha Mháirín na smeach.

(ii) Ainmnigh larbha an ghaláin.

(iii) Ainmnigh galar **amháin** a thagann ar bharra gráin **agus** luaigh conas a choisctear nó a rialaítear é.

(e) Déan cur síos ar conas an céatadán (%) péactha ag sampla de shíolta eorna a dheimhniú.

## Ceist 12.

(a) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de chóras innilte banraí.
(ii) Luaigh buntáiste **amháin** le córas innilte banraí.
(iii) Luaigh míbhuntáiste **amháin** le córas innilte banraí.

(b) Déan cur síos ar **thrí** chéim i ndéantús féir thirim ardchaighdeáin, **agus** tabhair cúis le gach céim.

(c) Luaigh conas is féidir le feirmeoir a chinntiú go ndéantar sadhlas ardchaighdeáin.

(d) Liostaigh **trí** thástáil shimplí is féidir le feirmeoir a dhéanamh chun cáilíocht sadhlais a dhéanamh amach, **agus** luaigh an cuspóir le gach tástáil.

## Ceist 13.


Freagair **dhá** chuid ar bith de na codanna (a), (b), (c), (d). **(30 marc, 30 marc)**

(a) (i) Ainmnigh **dhá** phór caorach achréidhe.

(ii) Mínigh **gach aon cheann** de na téarmaí seo a leanas **agus** luaigh cén fáth a gcuirtear i bhfeidhm gach gníomh ar leith ar fheirmeacha caorach.

1. Beathú réamhreithíochta
2. Scanadh
3. Grodbheathú
4. Vacsaíniú
5. Beathú bacphoill
6. Lomadh.

(b) Taispeántar iniúchadh ar an bhfótaisintéis sa léaráid.




(i) Ainmnigh an gás a bhailítear sa phromhadán.

(ii) Ainmnigh **dhá** thoisc atá riachtanach don fhótaisintéis.

(iii) Conas a chuidíonn an fhótaisintéis le laghdú ar fhadhb an athraithe aeráide?

(iv) Storáiltear stáirse i nduillí mar thoradh ar an bhfótaisintéis.
Déan cur síos ar conas láithreacht stáirse i nduille a thástáil.

(c) Déan cur síos ar bhainistíocht laonna déiríochta faoi na ceannteidil seo a leanas.

(i) Cúram ag am breithe
(ii) Tithíocht
(iii) Galair a chosc
(iv) Féar á thabhairt isteach ina réim bia
(v) Úsáid bainne phúdraigh.

(d) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de chúlfhiacail.

(ii) Luaigh feidhm na gclárfhiacla **agus** feidhm na gcúlfhiacla in ainmhí feirme.

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál eile fiacaile a fhaightear in ainmhithe feirme.

(iv) Tabhair foirmle na bhfiacla i muc **nó** i gcaora.

Leathanach Bán